Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2022/0269(COD)

19.7.2023

TUAIRIM

ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

don Choiste um Thrádáil Idirnáisiúnta agus don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí arna ndéanamh le saothar éignithe a thoirmeasc ar mhargadh an Aontais
(COM(2022)0453 – C9-0307/2022 – 2022/0269(COD))

Rapóirtéir don tuairim (*): Mounir Satouri

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

PA_Legam

RÉASÚNÚ GEARR

Is dlúthchuid de thiomantas an Aontais Eorpaigh do chearta an duine agus do chearta saothair é dul i ngleic le húsáid saothair éignithe agus deireadh a chur léi. Leagadh béim air sin freisin le linn Staid an Aontais, 2021 mar chuspóir níos leithne de chuid an Aontais maidir le haistriú cóir domhanda.

Meastar gur norm dofhreagartha den dlí idirnáisiúnta um chearta an duine é toirmeasc a chur ar shaothar éignithe nó éigeantach de gach cineál a úsáid. Is iomaí ionstraim dlí idirnáisiúnta agus Eorpacha atá ann, go háirithe Coinbhinsiúin EIS Uimh. 29 (lena n-áirítear a Phrótacal) agus Uimh. 105 agus Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena gcuirtear toirmeasc gan débhrí ar shaothar éignithe. Ina theannta sin, trí Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le cearta an duine agus an daonlathas, 2020-2014 a ghlac an Chomhairle in 2020, gheall an tAontas go gcuirfí chun cinn beartas neamhfhulaingthe maidir le saothar leanaí agus go ndíothófaí saothar éignithe, go dtacódh sé le cearta saothair i gcaidreamh trádála an Aontais, agus go ndéanfadh sé dícheall cuí a chur chun cinn sna slabhraí soláthair domhanda chomh maith le daingniú Phrótacal Saothair Éignithe na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair.

In ainneoin an chreata normataigh sin, tá sclábhaíocht nua-aimseartha agus saothar éignithe ag dul i méid le blianta beaga anuas. Measann an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair go raibh 49,6 milliún duine ag maireachtáil faoi sclábhaíocht nua-aimseartha in 2021 ar fud an domhain, agus go raibh 27,6 milliún duine i gcásanna saothair éignithe, lena n-áirítear 11,8 milliún bean agus cailín ar a laghad.

Dá bhrí sin, i mí an Mheithimh 2022, d'iarr Parlaimint na hEorpa go mbeadh ionstraim ann lena gcuirfí toirmeasc ar allmhairiú agus onnmhairiú táirgí a dhéantar nó a iompraítear le saothar éignithe. I mí Mheán Fómhair 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach an togra maidir le toirmeasc a chur ar tháirgí a dhéantar le saothar éignithe ar mhargadh an Aontais. Leagtar síos leis an Rialachán rialacha lena dtoirmisctear ar oibreoirí eacnamaíocha táirgí a dhéantar le saothar éignithe a chur ar mhargadh an Aontais agus a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais nó a onnmhairiú ó mhargadh an Aontais.

Is geal leis an Rapóirtéir an togra a chuir an Coimisiún Eorpach ar aghaidh, agus leis an dréacht-tuarascáil seo, féachtar leis an togra a neartú chun a áirithiú go rannchuideoidh an Rialachán le díothú éifeachtach an tsaothair éignithe ar fud an domhain agus laistigh den Aontas.

Chun comhleanúnachas le caighdeáin idirnáisiúnta a áirithiú, tá iarracht déanta ag an Rapóirtéir an sainmhíniú ar shaothar éignithe sa Rialachán a ailíniú le hionstraimí, treoraíocht agus cinntí ábhartha EIS. Cuireann EIS toirmeasc ar shaothar éignithe i dtáirgeadh agus cuireann sé toirmeasc air freisin i soláthar seirbhísí, rud is féidir a sholáthar thar theorainneacha fosta. Is den tábhacht é freisin a bheith an-sainráite agus béim á leagan air gur earnálacha iad an t-iompar agus an stóráil ar cheart dóibh teacht faoi raon feidhme an Rialacháin ós rud é go bhfuil leochaileachtaí tromchúiseacha i leith an tsaothair éignithe sna hearnálacha sin.

Tá sé mar aidhm ag an Rapóirtéir freisin lúb ar lár suntasach a dhúnadh sa togra ón gCoimisiún Eorpach trí airteagal a mholadh maidir le rochtain ar leigheas. Ní féidir le

forfheidhmiú aon Rialacháin a bheith éifeachtach gan a áirithiú go bhfuil rochtain ag oibrithe a ndearnadh íospairt orthu ar leigheas éifeachtach. Go deimhin, ní mór leasanna na n-íospartach a bheith i gceartlár an Rialacháin seo. Go háirithe maidir le réimsí ardriosca sonracha ina bhfuil cásanna córasacha forleathana saothair éignithe, ní mór, chun cabhrú le húdaráis inniúla déileáil go héifeachtúil le cásanna, feidhm a bheith ag an toimhde gur ann do shaothar éignithe. Tá an Rapóirtéir ag iarraidh freisin ról Líonra an Aontais a neartú chun cabhrú le húdaráis inniúla sna Ballstáit comhordú agus comhoibriú a dhéanamh, agus ról lárnach a ghlacadh mar phointe iontrála do ghearáin.

Is uirlisí tábhachtacha iad trédhearcacht agus faisnéis chun an Rialachán a fhorfheidhmiú, agus dá bhrí sin is rud ríthábhachtach é bunachar sonraí na dtáscairí rioscaí saothair éignithe. Creideann an Rapóirtéir gur den tábhacht é gur féidir leis an gCoimisiún leas a bhaint as faisnéis ón tsochaí shibhialta agus ó cheardchumainn, go bhfuil rochtain ag an bpobal ar fhaisnéis freisin agus go gcuirtear ar fáil leis an mbunachar sonraí liosta de réigiúin nó tíortha sonracha geografacha ardriosca a bhfuil cleachtais saothair éignithe iontu ar bhonn córasach forleathan.

LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta agus ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, mar na coistí atá freagrach, na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Mar a aithnítear sa Bhrollach a ghabhann le Prótacal 2014 a ghabhann le Coinbhinsiún Uimh. 29 maidir le saothar éignithe (‘Coinbhinsiún EIS Uimh. 29 ’) den Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (‘EIS’), is sárú tromchúiseach ar dhínit an duine agus ar chearta bunúsacha an duine é saothar éignithe. Dhearbhaigh EIS go gcuirfí deireadh le gach cineál saothair éignithe nó saothair éigeantaigh mar phrionsabal a bhaineann le cearta bunúsacha. Aicmíonn EIS Coinbhinsiún Uimh. 29 de chuid EIS, Prótacal 2014 a ghabhann le Coinbhinsiún Uimh. 29 agus Coinbhinsiún Uimh. 105 de chuid EIS maidir le deireadh a chur le saothar éigeantais (‘Coinbhinsiún Uimh. 105 de chuid EIS’) mar Choinbhinsiúin	(1) Mar a aithnítear sa Bhrollach a ghabhann le Prótacal 2014 a ghabhann le Coinbhinsiún Uimh. 29 maidir le saothar éignithe (‘Coinbhinsiún EIS Uimh. 29 ’) den Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (‘EIS’), is sárú tromchúiseach ar dhínit an duine agus ar chearta bunúsacha an duine é saothar éignithe, rannchuidíonn sé le buanú na bochtaineachta agus seasann sé sa bhealach ar obair chuibhiúil a bhaint amach do chách. Dhearbhaigh EIS go gcuirfí deireadh le gach cineál saothair éignithe nó saothair éigeantaigh mar phrionsabal a bhaineann le cearta bunúsacha. Aicmíonn EIS Coinbhinsiún EIS Uimh. 29, lena n-áirítear Prótacal ***forlíontach*** 2014 a ghabhann le Coinbhinsiún Uimh. 29 ***agus Moladh***

bhunúsacha de chuid EIS[16]. Clúdaíonn saothar éigeantais raon leathan cleachtas comhéigneach saothair ina mbaintear obair nó seirbhís as daoine nár thairg sin dhéanamh go deonach iad féin.[17]

Uimh. 203 maidir le Saothar Éignithe (Bearta Forlíontacha) agus Coinbhinsiún EIS Uimh.105 maidir le saothar éignithe a dhíothú ('Coinbhinsiún EIS Uimh.105') mar Choinbhinsiúin bhunúsacha EIS [16] ***agus eisíonn sé moltaí chun saothar éignithe a chosc, a dhíothú agus a leigheas***[16a]. Áirítear le saothar éignithe obair agus seirbhísí, a dhéantar nó a chuirtear ar fáil feadh an tslabhra luacha, agus a thagann ó aon duine atá faoi bhagairt pionóis agus nach ndearna an duine é féin nó í féin a thairiscint go deonach ina leith. [17] ***De réir na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) agus na Náisiún Aontaithe, tá níos mó saothar éignithe ag baint le roinnt gníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha táirgiúla áirithe amhail próiseáil, talmhaíocht, éadaí agus iascaigh, agus in earnáil seirbhísí áirithe, amhail iompar, stóráil agus lóistíocht, glanadh agus obair shéasúrach***[17a]***. Baineann an sainmhíniú seo le hobair, nó le seirbhís, a fhaigheann rialtais agus údaráis phoiblí, chomh maith le comhlachtaí príobháideacha agus daoine aonair. Tá roinnt táscairí forbartha ag EIS a úsáidtear chun cásanna saothair éignithe a shainaithint agus a léiriú, amhail bagairtí agus díobháil fhisiceach agus ghnéasach iarbhír, mí-úsáid leochaileachta, mí-úsáid dálaí oibre agus maireachtála agus ragobair iomarcach, dallamullóg, srianadh gluaiseachta nó gaibhniúcháin san ionad oibre nó limistéar teoranta, leithlisiú, cuibhriú fiachais, pá a choinneáil siar nó laghdú iomarcach pá, pasanna agus doiciméid aitheantais a choinneáil nó bagairt séanta chuig na húdaráis i gcás ina bhfuil stádas inimirce neamhrialta ag an oibrí*** [17b]**.** Is minic a bhíonn baint ag saothar éignithe leis an mbochtaineacht agus leis an idirdhealú. ***Tá ionramháil chreidmheasa agus fiachais, bíodh sin ag fostóirí nó ag gníomhairí earcaíochta, fós ina phríomhthoisc lena ndéantar oibrithe leochaileacha a sháinniú i gcásanna***

saothair éignithe[17c]. D'aimsigh an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine arís agus arís eile, faoi Airteagal 4 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, go dtagann toiliú tosaigh agus toiliúlacht chun bheith ar neamhní má bhaintear mí-úsáid as staid leochaileachta[17d]. De réir chomhlachtaí maoirseachta EIS, níl saothar príosúin, lena n-áirítear i gcás ina ndéantar é do chuideachtaí príobháideacha, bunaithe ann féin ar shaothar éignithe ar choinníoll go ndéantar é ar bhonn deonach, ar mhaithe leis an bpríosúnach agus go neasaíonn sé na coinníollacha a bhaineann le caidreamh saothair deonaigh. ***Ba cheart gur chun leas an phobail i gcoitinne i gcónaí a bheadh an obair phobail mar smachtbhanna pionósach malartach ar phrosúnacht agus níor cheart do Stáit, in imthosca ar bith, mí-úsáid a bhaint aisti mar bhealach chun an duine ciontaithe a dhíghrádú nó a ndínit a bhaint den duine[17e].*** I gcásanna ina bhforchuirtear obair nó seirbhís trí leas a bhaint as leochaileacht an oibrí, faoi bhagairt pionóis, ní gá an bhagairt sin a bheith i bhfoirm smachtbhanna pionóis ach d'fhéadfadh sé gur caillteanas ceart nó sochar a bheadh ann freisin.

---

16 https://www.ilo.org/global/standards/introduction-to-international-labour-standards/conventions-and-recommendations/lang--en/index.htm.

17 Sainmhíniú EIS ar shaothar éignithe de réir Choinbhinsiún EIS um Shaothar Éignithe, 1920 (Uimh. 29), Cad is saothar éignithe, sclábhaíocht nua-aimseartha agus gáinneáil ar dhaoine ann (Saothar éignithe, sclábhaíocht nua-aimseartha agus gáinneáil ar dhaoine) (ilo.org).

---

16 https://www.ilo.org/global/standards/introduction-to-international-labour-standards/conventions-and-recommendations/lang--en/index.htm.

[16a] Moladh ó EIS maidir le Saothar Éignithe (Bearta Forlíontacha), 2014.

17 Sainmhíniú EIS ar shaothar éignithe de réir Choinbhinsiún EIS um Shaothar Éignithe, 1920 (Uimh. 29), Cad is saothar éignithe, sclábhaíocht nua-aimseartha agus gáinneáil ar dhaoine ann (Saothar éignithe, sclábhaíocht nua-aimseartha agus gáinneáil ar dhaoine) (ilo.org).

[17a] UNODC (Oifig na Náisiún Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta),

“Tuarascáil Dhomhanda ar Gháinneáil ar Dhaoine” 2020, https://www.unodc.org/documents/data-and-analysis/tip/2021/GLOTiP_2020_15jan_web.pdf

EIS (Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair), “Meastacháin Dhomhanda ar Sclábhaíocht Nua-Aimseartha: Saothar Éignithe agus Pósadh Éigeantais” 2022, https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_norm/---ipec/documents/publication/wcms_854733.pdf

ILO (An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair), “Brabús agus Bochtaineacht: Eacnamaíocht an tSaothair Éignithe” 2014, https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_norm/---declaration/documents/publication/wcms_243391.pdf

17b

https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_norm/---declaration/documents/publication/wcms_203832.pdf

17c ***EIS, Brabús agus Bochtaineacht: Eacnamaíocht an tsaothair éignithe: https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_norm/---declaration/documents/publication/wcms_243391.pdf***

7d ***ECHR, cásanna Chowdury agus Eile v an Ghréig (21884/15) agus Zoletic agus Eile v. an Asarbaiseáin (20116/12).***

17e

https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_norm/---relconf/documents/meetingdocument/wcms_089199.pdf Page 27

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Baintear úsáid as saothar éignithe go forleathan ar fud an domhain. Meastar go raibh tuairim is 27.6 milliún duine i saothar éigeantais in 2021[18]. Tá grúpaí leochaileacha agus imeallaithe sa tsochaí thar a bheith so-ghabhálach brú a chur orthu tabhairt faoi shaothar éignithe. Fiú nuair nach mbíonn sé forchurtha ag an stát, is minic saothar éignithe a bheith mar thoradh ar easpa dea-rialachais oibreoirí eacnamaíocha áirithe.	(2) Baintear úsáid as saothar éignithe go forleathan ar fud an domhain. Meastar go raibh tuairim is 27.6 milliún duine i saothar éigeantais in 2021[18]. Tá baol ar leith ann go gcuirfear brú ar ghrúpaí leochaileacha agus imeallaithe i sochaí, amhail mná, leanaí, imircigh (go háirithe má tá siad gan doiciméid nó má tá stádas forbhásach acu nó sa gheilleagar neamhfhoirmiúil), ar mhionlaigh eitneacha, ar shainaicmí níos ísle, ar phobail dhúchasacha agus treibheacha, saothar éignithe a dhéanamh. Fiú nuair nach bhforchuirtear é ag an stát, is minic a bhíonn saothar éignithe mar thoradh ar easpa dea-rialachais nó gan aon dea-rialachas ag oibreoirí eacnamaíocha áirithe agus léiriú gur theip ar stát cearta sóisialta agus saothair a fhorfheidhmiú, go háirithe i gcás grúpaí leochaileacha agus imeallaithe. ***Is féidir le saothar éignithe tarlú freisin mar thoradh ar thoiliú intuigthe na n-údarás. Is ionann mná agus cailíní agus 11.8 milliún d'iomlán na ndaoine atá i saothar éignithe. Is leanaí iad breis agus 3,3 milliún díobh siúd atá i saothar éignithe. Idir 2016 agus 2021, tháinig méadú 2.7 milliún ar líon measta na ndaoine i saothar éignithe[18a]. Oibrithe imirceacha nach bhfuil faoi chosaint an dlí nó nach bhfuil in ann a gcearta a fheidhmiú, tá baol níos mó ann go mbeidh siad neamhchosanta ar shaothar éignithe ná mar atá ag oibrithe eile. Dar leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS), is imircigh iad 15 % de na daoine fásta ar fad atá i mbun saothair éignithe[18b]. Chinn Gníomhaireacht an Aontais um Chearta Bunúsacha gurb amhlaidh atá laistigh den Aontas freisin. Baineann fostóirí mí-úsáideacha úsáid as seasamh lag na n-oibrithe imirceacha chun iallach a chur orthu oibriú ar feadh uaireanta i ndiaidh a chéile gan phá nó ar***

bheagán pá, go minic i suíomhanna contúirteacha, agus gan an trealamh sábháilteachta íosta a cheanglaítear le dlí[18c]. Tarlaíonn formhór mór an tsaothair éignithe san earnáil phríobháideach, go háirithe trí dhúshaothrú saothair éignithe (17.3 milliún duine), arb ionann é agus 86 % de chásanna uile an tsaothair éignithe[18d]. Ba cheart oibleagáidí na n-oibreoirí eacnamaíocha a eascraíonn as an Rialachán seo a bheith intuartha agus soiléir chun comhlíonadh iomlán agus éifeachtach a áirithiú agus chun rannchuidiú deireadh a chur le saothar éignithe.

---

[18] Meastacháin Dhomhanda ar Sclábhaíocht Nua-Aimseartha 2021, https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_norm/---ipec/documents/publication/wcms_854733.pdf.

---

[18] Meastacháin Dhomhanda ar Sclábhaíocht Nua-Aimseartha 2021, https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_norm/---ipec/documents/publication/wcms_854733.pdf.

[18a] Meastacháin Dhomhanda ar Sclábhaíocht Nua-Aimseartha 2021, https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_norm/---ipec/documents/publication/wcms_854733.pdf

[18b] Meastacháin Dhomhanda ar Sclábhaíocht Nua-Aimseartha 2021, https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_norm/---ipec/documents/publication/wcms_854733.pdf

[18c] https://fra.europa.eu/en/content/protecting-migrant-workers-exploitation-fra-opinions

[18d] Meastacháin Dhomhanda ar Sclábhaíocht Nua-Aimseartha 2021, https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_norm/---ipec/documents/publication/wcms_854733.pdf

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2a) Tháinig Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine (OHCHR) ar an gconclúid go bhfuil 'sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine' déanta ag Daon-Phoblacht na Síne i gcoinne na nUigiúrach agus 'pobail Mhoslamacha eile den chuid is mó' i réigiún dá dtagraíonn Daon-Phoblacht na Síne dó mar Réigiún Féinrialaitheach Xinjiang Uyghur (XUAR). Áirítear leis sin 'céastóireacht, foréigean gnéasach, drochíde, cóir leighis éigeantach, chomh maith le saothar éignithe agus tuairiscí ar bhásanna faoi choimeád' a dhéantar i gcampaí agus i saoráidí coinneála eile.

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Is tosaíocht ag an Aontas deireadh a chur le saothar éigeantais. Déantar meas ar dhínit an duine agus ar uilechoitinne agus ar dhodhealaitheacht chearta an duine a leagan síos go daingean in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach Foráiltear le hAirteagal 5(2) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le hAirteagal 4 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine nach gceanglófar ar aon duine saothar éignithe nó éigeantach a dhéanamh. An léirmhíniú atá déanta ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine arís agus arís eile ar Airteagal 4 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ná go gceanglaítear ar Bhallstáit pionós a ghearradh agus ionchúiseamh éifeachtach a dhéanamh ar aon ghníomh a	(3) ***Tá sé mar aidhm ag an Aontas a bheith ina cheannaire domhanda maidir le hiompar freagrach gnó chomh maith le cearta gnó agus cearta an duine.*** Meastar gur riail dhomhaolaithe den dlí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine é toirmeasc a chur ar shaothar éignithe nó éigeantach de gach cineál a úsáid, nach gceadaítear aon eisceacht uaidh. Dá bhrí sin, is tosaíocht de chuid an Aontais é díothú an tsaothair éignithe a eascraíonn óna prionsabail agus óna gealltanais idirnáisiúnta maidir le cearta an duine. Tá meas ar dhínit an duine agus ar uilíocht agus dodhealaitheacht chearta an duine cumhdaithe go daingean in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. ***Is réamhriachtanais iad saothar éignithe,***

choinníonn duine sna cásanna a leagtar amach in Airteagal 4 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.[19]

lena n-áirítear saothar éignithe leanaí, a chosc agus a dhíothú i gcaidreamh seachtrach tráchtála agus eacnamaíoch an Aontais. Le hAirteagal 5 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, cuirtear toirmeasc go sainráite ar an sclábhaíocht, ar dhaoirse, ar shaothar éignithe agus éigeantach agus ar gháinneáil ar dhaoine agus foráiltear le hAirteagal 4 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine nach gceanglófar ar aon duine saothar éignithe nó éigeantach a dhéanamh. Tá léirmhíniú déanta arís agus arís eile ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine ar Airteagal 4 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine mar Airteagal lena gceanglaítear ar na Ballstáit pionós a ghearradh agus ionchúiseamh éifeachtach a dhéanamh ar aon ghníomh lena gcoimeádtar duine sna cásanna a leagtar amach in Airteagal 4 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.[19] Aithnítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha an ceart atá ag gach oibrí chun dálaí oibre cothroma agus córa in Airteagal 31, lena n-urramaítear a shláinte, a shábháilteacht nó a sábháilteacht agus a dhínit nó a dínit, agus an ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil in Airteagal 47. ***Le Cairt Shóisialta na hEorpa (1961) agus le Cairt Shóisialta Athbhreithnithe na hEorpa (1996), ceanglaítear ar pháirtithe conarthacha cosaint éifeachtach a thabhairt don cheart atá ag an oibrí beatha a shaothrú, i slí bheatha arna dhéanamh faoi shaoirse. Ina theannta sin, cháin Parlaimint na hEorpa go láidir ina rúin an saothar éignithe agus d'iarr sí go gcuirfí toirmeasc ar tháirgí a dhéantar le saothar éignithe, go háirithe maidir le cleachtais Dhaon-Phoblacht na Síne (PRC).***[19b]

18a

https://www.ohchr.org/sites/default/files/Documents/Publications/slaveryen.pdf

[19] Mar shampla míreanna. 89 agus 102 in

[19] Mar shampla míreanna. 89 agus 102 in

Siliadin v. An Fhrainc nó mír 105 in Chowdury agus Eile v. An Ghréig.	Siliadin v. An Fhrainc nó mír 105 in Chowdury agus Eile v. An Ghréig. ***19b*** Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Meitheamh 2022, maidir le hionstraim trádála nua chun táirgí arna ndéanamh le saothar éignithe a thoirmeasc; Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Nollaig 2020 maidir le saothar éignithe agus staid na nUigiúrach i Réigiún Féinrialaitheach Xinjiang Uyghur.

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Tá Coinbhinsiúin bhunúsacha EIS maidir le saothar éignithe agus saothar leanaí daingnithe ag na Ballstáit uile.[20] Dá bhrí sin tá oibleagáid orthu de réir an dlí úsáid saothair éignithe a chosc agus deireadh a chur leis agus tuairisciú go rialta chuig EIS.	(4) Tá Coinbhinsiúin bhunúsacha EIS maidir le saothar éignithe agus saothar leanaí daingnithe ag na Ballstáit uile. [20] Dá bhrí sin tá oibleagáid orthu de réir an dlí úsáid saothair éignithe a chosc agus deireadh a chur leis agus tuairisciú go rialta chuig EIS. ***Mar sin féin, tá Ballstáit ann nach bhfuil an Prótacal a ghabhann le Coinbhinsiún EIS Uimh. 29 daingnithe acu go fóill, in ainneoin Cinntí ón gComhairle ina n-iarrtar daingniú agus cur chun feidhme ar na Ballstáit[20a]. Measann EIS go bhfuil 880 000 íospartach saothair éignithe laistigh den Aontas, sa bhreis ar an saothar éignithe a bhaineann inter alia le hallmhairí an Aontais ón gcuid eile den domhan.[20b] Ina theannta sin, tá easnaimh fós ann i gcur chun feidhme Choinbhinsiúin bhunúsacha EIS.[20c] Is gá do na Ballstáit coinbhinsiúin bhunúsacha EIS a chur chun feidhme go hiomlán agus reachtaíocht uile an Aontais a thrasuí i gceart arb é is aidhm di saothar éignithe, sáruithe ar chearta saothair agus gáinneáil ar dhaoine a chomhrac chun toirmeasc ar allmhairiú agus onnmhairiú aon táirge nó seirbhíse a bhaineann úsáid as saothar éignithe a fhorfheidhmiú. Is é is aidhm don Rialachán seo ceangal***

dlíthiúil a chur ar na Ballstáit úsáid saothair éignithe a chosc agus deireadh a chur leis an úsáid sin, cosaint íospartach agus rochtain ar leigheas agus ar leigheas éifeachtach, amhail cúitimh, a chur ar fáil chun pionós a ghearradh ar neamhchomhlíonadh cinntí dá dtagraítear in Airteagal 6(4). De réir EIS, tá feabhsúchán fós ar cheann de na príomhthosaíochtaí beartais chun aghaidh a thabhairt ar shaothar éignithe. I ndáil leis sin, sonraítear sa Phrótacal a ghabhann le Coinbhinsiún EIS Uimh. 29 gur cheart rochtain a bheith ag gach íospartach saothair éignithe nó éigeantaigh, beag beann ar a láithreacht nó a stádas dlíthiúil sa chríoch náisiúnta, ar leigheasanna iomchuí agus éifeachtacha, amhail cúitimh. Sonraítear sa tríú colún de Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine gur ceart bunúsach é an leigheas agus féadfar a áireamh ann leithscéal, aisíoc, athshlánú, cúiteamh airgeadais nó neamhairgeadais agus smachtbhannaí pionósacha (cibé acu smachtbhannaí coiriúla nó riaracháin, amhail fíneálacha), chomh maith le cosc a chur ar dhíobháil, mar shampla, trí urghairí nó ráthaíochtaí neamh-atarlaithe.

---

20 https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---europe/---ro-geneva/---ilo-brussels/documents/publication/wcms_195135.pdf.

---

20 https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---europe/---ro-geneva/---ilo-brussels/documents/publication/wcms_195135.pdf.

[20a] Cinneadh (AE) 2015/2071 ón gComhairle an 10 Samhain 2015 lena n-údaraítear do na Ballstáit Prótacal 2014 a ghabhann le Coinbhinsiún maidir le hObair Éigeantais, 1930, ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair a dhaingniú chun leasa an Aontais Eorpaigh, i ndáil le hAirteagail 1 go 4 den Phrótacal maidir le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla (IO

L 301, 18.11.2015, lch. 47) agus Cinneadh (AE) 2015/2037 ón gComhairle an 10 Samhain 2015 lena n-údaraítear do na Ballstáit Prótacal 2014 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le hObair Éigeantais, 1930, a dhaingniú chun leasa an Aontais Eorpaigh i ndáil le hábhair a bhaineann leis an mbeartas sóisialta (IO L 298, 14.11.2015, lch. 23).

[20b] Meastachán Domhanda EIS ar Shaothar Éignithe 2012: https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---europe/---ro-geneva/---ilo-brussels/documents/genericdocument/wcms_184975.pdf

***[20c] Is féidir teacht ar bharúlacha chomhlachtaí maoirseachta EIS maidir le cur i bhfeidhm Coinbhinsiúin maidir le saothar éignithe faoi* (https://www.ilo.org/dyn/normlex/en/f?p=1000:20010:::NO:::)**

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Féachann an tAontas deireadh a chur le húsáid saothair éignithe trína chuid beartas agus tionscnaimh reachtacha. Cuireann an tAontas dícheall cuí chun cinn i gcomhréir le treoirlínte agus prionsabail idirnáisiúnta arna mbunú ag eagraíochtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear EIS, an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta ("ECFE" anseo feasta) agus na Náisiúin Aontaithe ("NA" anseo feasta), lena áirithiú nach bhfaighidh saothair éignithe áit i slabhraí luacha na ngnóthas atá bunaithe san Aontas.	(5) Trí bhíthin a chuid beartas agus tionscnamh reachtach, ní mór don Aontas dlús a chur lena iarrachtaí úsáid an tsaothair éignithe a dhíothú. Tá ***dlúthbhaint ag díothú saothar leanaí agus saothar éignithe le dálaí oibre cuibhiúla, cosaint shóisialta, idirphlé sóisialta, saoirse comhlachais, cómhargáil, an ceart chun gníomhaíocht chomhchoiteann a eagrú agus a dhéanamh, agus iompar gnó inbhuanaithe a chur chun cinn. Ní hionann deireadh a chur le saothar éignithe agus díscor mar chéad rogha.*** Cuireann an tAontas dícheall cuí chun cinn, lena n-áirítear trí reachtaíocht infhorfheidhmithe, i gcomhréir le treoirlínte agus prionsabail idirnáisiúnta arna mbunú ag eagraíochtaí idirnáisiúnta,

lena n-áirítear EIS, an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (dá ngairtear "ECFE" anseo feasta) agus na Náisiúin Aontaithe (dá ngairtear "NA" anseo feasta), chun a áirithiú nach bhfaighidh saothar éignithe áit i slabhraí luacha gnóthas atá bunaithe, ná in earraí agus seirbhísí atá le cur ar fáil san Aontas. Cuirtear faisnéis chuimsitheach, uirlisí agus bailiú sonraí ar fáil i dtreoir EIS[1a] chun saothar éignithe daoine fásta agus leanaí a chomhrac, chomh maith le treoir earnáilsonrach ba cheart a mheas chun riosca a bhaineann le hoibríochtaí dílse agus slabhraí luacha a shainaithint. ***Agus reachtaíocht agus beartais á gcur chun feidhme arb é is aidhm dóibh deireadh a chur le saothar éignithe, ba cheart don Aontas sonraí ábhartha a chur ar fáil go poiblí gan moill mhíchuí. Go deimhin, tá sé ríthábhachtach tionscnamh an táirge chomh maith lena phointí stórála agus iompair agus na hoibreoirí eacnamaíocha ar feadh a shlabhra luacha a shainaithint chun saothar éignithe a chomhrac go héifeachtach. I ndáil leis an méid sin, is táscairí riosca cinntitheacha iad faisnéis ó údaráis chustaim ós rud é go bhfuil saothar éignithe ann i ngach réigiún den domhan. Is san Áise atá an líon is airde daoine sa saothar éignithe agus nuair atá saothar éignithe á ríomh mar chion den daonra, tá an líon is airde i réigiún MENA[1b].***

[1a] https://ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_norm/---declaration/documents/publication/wcms_182096.pdf

[1b] Cumhdaítear na tíortha agus na críocha seo a leanas leis: Bairéin, an Iaráic, an Iordáin, Cuáit, an Liobáin, an chríoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil, Óman, Catar, an Araib Shádach, Poblacht Arabach na Siria, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus Éimin, Meastacháin Dhomhanda EIS ar

	Sclábhaíocht Nua-Aimseartha 2021: https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_norm/---ipec/documents/publication/wcms_854733.pdf

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5a) Leis an Rialachán seo cruthaítear ionstraim eacnamaíoch bhreise chun saothar éignithe a chosc agus a dhíothú ar fud an domhain trí thoirmeasc a chur ar tháirgí agus ar sheirbhísí a dhéantar nó a sholáthraítear le saothar éignithe a úsáid. Sa bhreis ar na hionstraimí eacnamaíocha sin, tá reachtaíocht chomhlántach atá ann cheana ag an Aontas chun a oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le dínit gach duine a chosaint agus chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna an tsaothair éignithe, lena n-áirítear saothar éignithe leanaí, amhail saincheisteanna maidir le dúshaothrú eacnamaíoch, bochtaineacht, idirdhealú córasach agus easpa conairí rialta agus cuibhiúla maidir le bealaí imirce lucht saothair; ar leibhéal oibreora eacnamaíoch, áirítear ann praghsanna faoi bhun an chostais táirgthe, easpa pá cuibhiúil agus maireachtála agus, ar bhonn níos ginearálta, aon chleachtais éagóracha ceannaigh atá ag oibreoirí eacnamaíocha[1a].
	[1a] https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_norm/---ipec/documents/publication/wcms_854733.pdf agus https://respect.international/wp-content/uploads/2018/06/The-Global-Business-of-Forced-Labour-Report-of-

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5b) Tá rannpháirtíocht fhóinteach na ngeallsealbhóirí ríthábhachtach chun dul i ngleic le saothar éignithe. Áirítear leis sin rannpháirtíocht oibreoirí eacnamaíocha le geallsealbhóirí ábhartha chun tuiscint a fháil ar an tionchar a bhíonn ag a gcuid gníomhaíochtaí ar a leasanna. Áirítear leis freisin rannpháirtíocht na n-údarás inniúil le geallsealbhóirí sula ndéantar cinntí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar na geallsealbhóirí, agus roimh bhreithniú leasanna na ngeallsealbhóirí. Baineann sé freisin le soláthar tráthúil na faisnéise go léir a theastaíonn ó na geallsealbhóirí ábhartha go léir chun breithiúnas eolasach a dhéanamh maidir leis an gcaoi a bhféadfadh an cinneadh difear a dhéanamh dóibh, agus áirítear leis cur chun feidhme na ngealltanas comhaontaithe.

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Ba cheart go rannchuideodh an toirmeasc leis na hiarrachtaí idirnáisiúnta deireadh a chur le saothar éigeantais. Ba cheart, dá bhrí sin, an sainmhíniú ar ‘saothar éignithe’ a ailíniú leis an sainmhíniú atá leagtha síos i gCoinbhinsiún EIS Uimh. 29. Ba cheart an sainmhíniú ar ‘saothar éignithe arna chur chun feidhme	(17) Ba cheart go rannchuideodh an toirmeasc ar an margadh, lena gcumasaítear toirmeasc ar allmhairiú agus onnmhairiú táirgí agus seirbhísí a dhéantar le saothar éignithe, leis na hiarrachtaí idirnáisiúnta chun deireadh a chur le saothar éignithe. Ba cheart, dá bhrí sin, an sainmhíniú ar ‘saothar éignithe’ a ailíniú

ag údaráis stáit’ a ailíniú le Coinbhinsiún EIS Uimh. 105, a chuireann toirmeasc sonrach ar shaothar éignithe a úsáid mar phionós ar thuairimí polaitiúla a chur in iúl, chun críocha forbartha eacnamaíche, mar mhodh smachta saothair, mar phionós as rannpháirtíocht i stailceanna, nó mar mhodh idirdhealaithe ciníoch, reiligiúnach nó eile.[31]

leis an sainmhíniú atá leagtha síos i gCoinbhinsiún EIS Uimh. 29. Ba cheart an sainmhíniú ar ‘saothar éignithe arna chur chun feidhme ag údaráis stáit’ a ailíniú le Coinbhinsiún EIS Uimh. 105, a chuireann toirmeasc sonrach ar shaothar éignithe a úsáid mar phionós ar thuairimí polaitiúla a chur in iúl, chun críocha forbartha eacnamaíche, mar mhodh smachta saothair, mar phionós as rannpháirtíocht i stailceanna, nó mar mhodh idirdhealaithe ciníoch, reiligiúnach nó eile.[31] ***Le hAirteagal 3(a) de Choinbhinsiún EIS Uimh. 182 maidir le Toirmeasc agus Gníomhaíocht Láithreach chun na Cineálacha is measa de Shaothar Leanaí a Dhíothú tagraítear do gach cineál sclábhaíochta nó do chleachtais atá cosúil leis an sclábhaíocht, amhail leanaí a dhíol agus a gháinneáil, cuibhriú fiachais agus seirfeachas agus saothar éignithe nó éigeantach, lena n-áirítear earcú éignithe nó éigeantach leanaí lena n-úsáid i gcoinbhleacht armtha. Le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, cuirtear toirmeasc ar dhaoine faoi mhíchumas a nochtadh do shaothar éignithe agus ceanglaítear leis go ndéanfar daoine faoi mhíchumas a chosaint, ar bhonn comhionann le daoine eile, ar shaothar éignithe nó éigeantach. Ba cheart feidhm a bheith ag prionsabal na córa comhionainne i gceardlanna dídeanacha freisin. I gcás táirgí nó seirbhísí de thionscnamh limistéar geografach, láithreán táirgthe nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha áirithe i limistéir shonracha a bhfuil cleachtais saothair éignithe atá liostaithe sa bhunachar sonraí faoi Airteagal 11 den Rialachán seo á leathadh go córasach agus go forleathan acu, ba cheart d’údaráis inniúla a thoimhdiú gur monaraíodh nó gur soláthraíodh iad agus saothar éignithe á úsáid. I gcásanna den sórt sin, ba cheart é a bheith de fhreagracht ar an oibreoir eacnamaíoch a léiriú gur monaraíodh nó gur soláthraíodh a tháirge nó a sheirbhís***

	gan saothar éignithe a úsáid, agus, i gcás cinnidh faoi Airteagal 6(4), go ndearnadh aon úsáid saothair éignithe a leigheas. I ngach cás, ba cheart do na húdaráis inniúla a áirithiú nach bhfuil an dualgas cruthúnais ard ar bhealach díréireach. Ba cheart don Choimisiún, tar éis dó dul i dteagmháil le saineolaithe ábhartha, lena n-áirítear saineolaithe ó EIS, ó ECFE, ó SEGS, ó chomhpháirtithe sóisialta agus ón tsochaí shibhialta, páirt a ghlacadh sna hiarrachtaí chun deireadh a chur le saothar éignithe trí fhaisnéis a sholáthar sa bhunachar sonraí faoi Airteagal 11 den Rialachán seo, ar faisnéis í a thugtar cothrom le dáta go rialta maidir le rioscaí saothair éignithe i limistéir gheografacha shonracha, láithreáin táirgthe agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha áirithe i limistéir shonracha. Ba cheart an bunachar sonraí a bheith soiléir agus trédhearcach chun cur ar chumas oibreoirí eacnamaíocha, agus go háirithe FBManna agus micrifhiontair, na sonraí a úsáid dá ndícheall cuí. Ba cheart go mbeadh rochtain gan bhac agus éasca ag an bpobal ar na sonraí sin, i bhformáid a bheadh inrochtana freisin ag daoine faoi mhíchumas agus i dteangacha oibre uile an Aontais.
[31] Cad is saothar éignithe, sclábhaíocht nua-aimseartha agus gáinneáil ar dhaoine ann (Saothar éignithe, sclábhaíocht nua-aimseartha agus gáinneáil ar dhaoine) (ilo.org) agus Coinbhinsiúin Uimh. 29 agus Uimh. 105 de chuid EIS dá dtagraítear ann.	[31] Cad is saothar éignithe, sclábhaíocht nua-aimseartha agus gáinneáil ar dhaoine ann (Saothar éignithe, sclábhaíocht nua-aimseartha agus gáinneáil ar dhaoine) (ilo.org) agus Coinbhinsiúin Uimh. 29 agus Uimh. 105 de chuid EIS dá dtagraítear ann.

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ciallaíonn ‘saothar éignithe’ saothar éignithe nó éigeantach mar a	(a) ciallaíonn ‘saothar éignithe’ an obair nó an tseirbhís go léir a ordaítear ar

shainmhínítear in Airteagal 2 den Choinbhinsiún maidir le Saothar Éigeantais, 1930 (Uimh. 29) den Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, lena n-áirítear saothar éignithe leanaí;	aon duine faoi bhagairt aon phionóis agus nár thairg an duine sin é féin nó í féin go saorálach ina leith de réir Airteagal 2 den Choinbhinsiún maidir le hObair Éigeantais, 1930 (Uimh. 29) den Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, lena n-áirítear saothar éignithe leanaí; ***trínar féidir saothar éignithe a dhéanamh feadh an tslabhra luacha;***

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ciallaíonn ‘saothar éignithe arna fhorchur ag údaráis stáit’ úsáid saothair éignithe mar a thuairiscítear in Airteagal 1 den Choinbhinsiún maidir le Saothar Éigeantach a chur ar ceal, 1957 (Uimh. 105) den chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair;	(b) ciallaíonn ‘saothar éignithe arna fhorchur ag údaráis stáit’ saothair éignithe a úsáid***:***
	(i) mar mhodh comhéigin pholaitiúil, nó oideachais, nó mar phionós mar gheall ar thuairimí nó barúlacha polaitiúla a choinneáil nó a chur in iúl, atá go hidé-eolaíoch i gcoinne an chórais sheanbhunaithe pholaitiúil, shóisialta nó eacnamaíoch;
	(ii) mar mhodh chun saothar a shlógadh agus a úsáid chun críocha forbartha eacnamaíche;
	(iii) mar mhodh smachta saothair;
	(iv) mar phionós as páirt a ghlacadh i stailceanna;
	(v) mar mhodh chun idirdhealú cinioch, sóisialta, náisiúnta nó reiligiúnach a dhéanamh;
	i gcomhréir le hAirteagal 1 den Choinbhinsiún maidir le Saothar Éigeantach a Dhíothú, 1957 (Uimh. 105) de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta

Saothair;

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ciallaíonn ‘dícheall cuí i ndáil le saothar éignithe’ iarrachtaí an oibreora eacnamaíoch chun ceanglais shainordaitheacha, treoirlínte deonacha, moltaí nó cleachtais a chur chun feidhme chun saothar éignithe a shainaithint, a chosc, a mhaolú nó deireadh a chur le húsáid an tsaothair éignithe maidir le táirgí atá le cur ar fáil ar mhargadh an Aontais nó atá le honnmhairiú;	(c) ciallaíonn ‘dícheall cuí i ndáil le saothar éignithe’ iarrachtaí an oibreora eacnamaíoch ceanglais éigeantacha a chur chun feidhme i gcomhréir le reachtaíocht, moltaí nó cleachtais náisiúnta an Aontais agus is infheidhme i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, treoirlínte deonacha lena bhforlíontar an chéad cheann chun úsáid saothair éignithe a shainaithint, a chosc, deireadh a chur leis agus a leigheas i ndáil le táirgí agus seirbhísí, rud a chiallaíonn nach ionann deireadh a chur le saothar éignithe agus díscor mar chéad rogha;

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 3 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) treoirlínte maidir le dícheall cuí nó moltaí na NA, EIS, ECFE nó eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha eile;	(c) treoirlínte nó moltaí díchill chuí ó na Náisiúin Aontaithe, ó EIS, ó ECFE nó ó eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha eile, chomh maith le comhpháirtithe sóisialta, go háirithe na treoirlínte agus na moltaí sin a bhaineann le limistéir gheografacha, láithreacha táirgthe agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha áirithe i réimsí sonracha ina bhfuil cleachtais saothair éignithe chórasacha agus fhorleathana;

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 10a
	Feabhsúchán
	1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag íospartaigh ar leigheas agus ar fheabhsúchán éifeachtach aon uair a shárófar Airteagal 3.
	2. Tar éis cinneadh maidir le toirmeasc i gcomhréir le hAirteagal 6, cinnfidh na húdaráis inniúla, tar éis dul i dteagmháil le híospartaigh agus le geallsealbhóirí ábhartha eile, amhail ionadaithe íospartach, ionadaithe oibrithe agus ceardchumainn, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an tsochaí shibhialta, an leigheas. Déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha, le tacaíocht ó na húdaráis inniúla lena mbaineann, bearta a fhorbairt freisin chun atarlú sa todhchaí a chosc.
	3. Chun deireadh a chur leis an gcinneadh maidir le toirmeasc arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 6, ní mór fianaise ar fheabhsúchán a chur ar fáil don údarás inniúil.

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 10b
	Oibleagáid choibhéiseach a eascraíonn as reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais
	I gcás ina bhfuil oibreoir eacnamaíoch, i gcomhréir le hoibleagáidí coibhéiseacha a eascraíonn as reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais, tar éis a oibleagáid a

	chomhlíonadh go hiomlán cheana maidir le saothar éignithe a shainaithint, a chosc, a thabhairt chun deiridh agus a leigheas i ndáil le táirgí nó seirbhísí atá faoi imscrúdú, cuirfear faisnéis faoi na gníomhaíochtaí sin a rinneadh ar fáil do na húdaráis inniúla. Measfar go bhfuil oibleagáid an oibreora eacnamaíoch comhlíonta ag soláthar faisnéise den sórt sin, faisnéis a sholáthar faoi ghníomhaíochtaí den sórt sin arna ndéanamh i ndáil le saothar éignithe faoin Rialachán seo. Leanfaidh oibreoirí eacnamaíocha de bheith ag comhoibriú leis na húdaráis inniúla le linn an nós imeachta imscrúdaithe agus cinnidh faoi Airteagal 4 go hAirteagal 6 agus soláthróidh siad tuilleadh faisnéise, i gcás inar gá.

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Bunachar sonraí de limistéir nó táirgí a mbaineann riosca saothair éignithe leo	Bunachar sonraí de shaothar éignithe lena mbaineann rioscaí ó thaobh réimsí, táirgí nó seirbhísí;

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Iarrfaidh an Coimisiún ar shaineolaithe seachtracha bunachar sonraí táscach, neamh-uileghabhálach, infhíoraithe agus a nuashonraítear go rialta a sholáthar maidir le rioscaí saothair éignithe i limistéir gheografacha shonracha nó maidir le táirgí sonracha lena n-áirítear saothar éignithe arna fhorchur ag údaráis	1. Déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i dteagmháil le saineolaithe ábhartha, lena n-áirítear ó EIS, ó ECFE, ó SEGS, ó chomhpháirtithe sóisialta agus ón tsochaí shibhialta, bunachar sonraí táscach, neamh-uileghabhálach, fianaise-bhunaithe agus a nuashonraítear go rialta a sholáthar de rioscaí saothair éignithe i limistéir

stáit. Beidh an bunachar sonraí bunaithe ar na treoirlínte dá dtagraítear in Airteagal 23, pointí (a), (b) agus (c), agus foinsí seachtracha faisnéise ábhartha ó, i measc daoine eile, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus údaráis tríú tíortha.

gheografacha shonracha, láithreacha táirgthe agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha áirithe i réimsí sonracha i ndáil le táirgí agus seirbhísí sonracha lena n-áirítear maidir le saothar éignithe arna bhforchur ag údaráis stáit.

Glacfaidh an Coimisiún agus na húdaráis inniúla arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 12 leis go ndearnadh táirgí nó seirbhísí de thionscnamh limistéar geografach, láthair táirgthe nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha áirithe i limistéir shonracha a bhfuil cleachtais saothair éignithe scaipthe go córasach agus go forleathan acu agus a liostaítear sa bhunachar sonraí, a mhonarú nó a sholáthar agus saothar éignithe á úsáid. Beidh sé de fhreagracht ar an oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann a léiriú gur monaraíodh nó gur soláthraíodh a tháirge nó a sheirbhís gan saothar éignithe a úsáid. Chun an toimhde a chur i bhfeidhm, áireofar sa bhunachar sonraí liosta tiomnaithe ina mbeidh faisnéis fhianaise-bhunaithe.

I ngach cás, áiritheoidh na húdaráis inniúla nach mbeidh an dualgas cruthúnais ard ar bhealach díréireach.

Beidh an bunachar sonraí bunaithe ar na treoirlínte dá dtagraítear in Airteagal 23, pointí (a), (b) agus (c), ar cheart dóibh a bheith cuimsitheach agus eisithe gan mhoill, 6 mhí ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus ar fhoinsí ábhartha seachtracha faisnéise ó, i measc eagraíochtaí eile, eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus údaráis tríú tíortha, amhail tíortha Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa nó tíortha is iarrthóirí, chomh maith le comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta.

Ní mór don bhunachar sonraí a bheith soiléir agus trédhearcach chun go mbeidh oibreoirí eacnamaíocha, agus go háirithe FBManna agus micrifhiontair, in ann na sonraí a úsáid dá ndícheall cuí. Beidh

	rochtain gan bhac agus éasca ag an bpobal ar na sonraí sin, i bhformáid a mbeidh rochtain ag daoine faoi mhíchumas uirthi freisin. Áireofar sa bhunachar sonraí faisnéis ó údaráis chustaim a bhaineann leis na táirgí nó na seirbhísí lena mbaineann amhail ionad tionscnaimh, ionaid stórála agus pointí iompair.
	Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh an bunachar sonraí soláimhsithe don úsáideoir agus nach gcruthóidh sé ualach riaracháin nach bhfuil gá leis d'oibreoirí eacnamaíocha.

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Áireofar sa bhunachar sonraí freisin liosta cothrom le dáta de na hoibreoirí eacnamaíocha, agus de na táirgí nó na seirbhísí a ndéanann aon chinneadh faoi Airteagal 6(4) difear dóibh.
	Léireofar sa bhunachar sonraí go ndearnadh aon oibreoir eacnamaíoch, aon táirge nó aon seirbhís a scriosadh as gan moill mhíchuí. Déanfar gach toirmeasc margaidh roimhe seo agus gach cinneadh ardaithe de chuid na n-údarás inniúil a chartlannú.

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Beidh an Líonra comhdhéanta d'ionadaithe ó údarás inniúil gach Ballstáit,	2. Déanfaidh an Coimisiún an Líonra a eagrú agus a stiúradh, agus beidh sé

ionadaithe ón gCoimisiún agus, nuair is cuí, saineolaithe ó na húdaráis chustaim.	comhdhéanta d'ionadaithe ó údarás inniúil gach Ballstáit, ionadaithe ón gCoimisiún agus, i gcás inarb iomchuí, saineolaithe ó na húdaráis chustaim.

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Beidh saineolaí neamhspleách amháin, arna cheapadh ag Parlaimint na hEorpa, rannpháirteach mar bhreathnóir ar an Líonra.

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 2 – fomhír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Féadfaidh eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta trastionscail ar leibhéal an Aontais ceathrar ionadaithe a ainmniú mar bhreathnóirí ar an Líonra a mbeidh ionadaíocht chomhionann acu ar cheardchumann agus ar eagraíochtaí fostóirí.

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 2 – fomhír 1 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	I gcás inarb ábhartha, féadfar cuireadh a thabhairt do na geallsealbhóirí seo a leanas páirt a ghlacadh mar bhreathnóirí freisin:
	- ionadaithe ón Údarás Eorpach Saothair;

- ionadaithe na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha;

- ionadaithe thoscaireachtaí an Aontais agus aon chomhlachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais;

- ionadaithe ó údaráis tríú tír;

- ionadaithe ó Stáit de chuid Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa, tíortha atá rannpháirteach sa mhargadh inmheánach nó i dtíortha is iarrthóirí;

- ionadaithe eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus saineolaithe ábhartha eile.

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) imscrúduithe i gcomhar a sheoladh	(b) imscrúduithe comhpháirteacha a dhéanamh laistigh den Aontas agus i dtríú tíortha, ar choinníoll go dtugann na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann a dtoiliú agus gur tugadh fógra oifigiúil do rialtas an Bhallstáit nó an tríú tír ina bhfuil an chigireacht le déanamh agus nach bhfuil aon agóid déanta aige;

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 3 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) taighde a shainordú agus faireachán a dhéanamh ar chásanna de chleachtais saothair éignithe fhorleathana agus shistéamacha;

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 3 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) rannchuidiú le forbairt treorach chun cur i bhfeidhm éifeachtach agus aonfhoirmeach an Rialacháin seo a áirithiú;	(d) treoir a fhorbairt chun cur i bhfeidhm éifeachtach aonfhoirmeach an Rialacháin seo a áirithiú agus faireachán a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm trí aon mhí-ailíniú a bhrath agus rannchuidiú lena réiteach;

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 3 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ea) faisnéis a roinnt, lena n-áirítear faisnéis faoi bhunchúiseanna an tsaothair éignithe, agus moltaí a dhéanamh don Choimisiún agus do chomhlachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais i gcás cleachtais saothair éignithe a bhrath;

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 3 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) comhar agus malartú saineolais agus dea-chleachtais a chur chun cinn idir údaráis inniúla agus údaráis chustaim;	(f) comhar agus malartú saineolais agus dea-chleachtais a chur cinn idir údaráis inniúla agus údaráis chustaim;

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 3 – pointe f a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fa) comhar agus malartú saineolais

agus dea-chleachtas le húdaráis inniúla ábhartha tríú tíortha, le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le gníomhaithe eile a chur chun cinn;

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 3 – pointe f b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fb) faireachán a dhéanamh ar fheabhsúchán saothair éignithe;

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 3 – pointe f c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fc) faireachán a dhéanamh ar atreorú táirgí, a diúltaíodh lena scaoileadh i saorchúrsaíocht nó lena n-onnmhairiú, ar táirgí iad atá le húsáid ar mhaithe leis an bpobal;

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 3 – pointe f d (nua) (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fd) pointe teagmhála a bhunú chun deis a thabhairt faisnéis a thuairisciú maidir le sáruithe líomhnaithe nó amhrasta ar Airteagal 3 agus nósanna imeachta leantacha a bhunú chun comhordú a éascú le linn an tarchuir.

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Tabharfaidh an Coimisiún tacaíocht agus spreagadh don chomhar idir údaráis forfheidhmithe tríd an Líonra agus trí rannpháirtíocht i gcruinnithe an Líonra.	4. Tacóidh an Coimisiún le comhar idir na húdaráis forfheidhmithe tríd an Líonra, agus spreagfaidh sé an comhar sin.

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 4 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Áiritheoidh an Coimisiún rúnaíocht an Líonra ***agus soláthróidh sé an acmhainn iomchuí chun feidhmiú éifeachtúil an Líonra a áirithiú i gcomhréir lena chuspóirí.***

NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	Táirgí arna ndéanamh le saothar éignithe a thoirmeasc ar mhargadh an Aontais
Tagairtí	COM(2022)0453 – C9-0307/2022 – 2022/0269(COD)
Coistí freagracha Dáta a fógraíodh sa seisiún iomlánach	INTA IMCO 6.10.2022 6.10.2022
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa seisiún iomlánach	EMPL 6.10.2022
Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	16.3.2023
Rapóirtéir don tuairim Dáta an cheapacháin	Mounir Satouri 30.11.2022
Riail 55 - Nós imeachta coiste comhlachaithe Dáta a fógraíodh sa seisiún iomlánach	16.3.2023
Pléite sa choiste	26.4.2023
Dáta an ghlactha	18.7.2023
Toradh na vótála críochnaithí	+: 35 –: 0 0: 6
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Atidzhe Alieva-Veli, Marc Angel, Dominique Bilde, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Sylvie Brunet, Jordi Cañas, David Casa, Ilan De Basso, Jarosław Duda, Cindy Franssen, Chiara Gemma, Elisabetta Gualmini, Agnes Jongerius, Irena Joveva, Katrin Langensiepen, Elena Lizzi, Sara Matthieu, Jörg Meuthen, Max Orville, Kira Marie Peter-Hansen, Dragoş Pîslaru, Elżbieta Rafalska, Daniela Rondinelli, Pirkko Ruohonen-Lerner, Mounir Satouri, Romana Tomc, Nikolaj Villumsen, Maria Walsh, Stefania Zambelli, Tomáš Zdechovský
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Alex Agius Saliba, Carmen Avram, Gheorghe Falcă, Aurore Lalucq, Carina Ohlsson, Evelyn Regner, Ralf Seekatz
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Andrey Novakov, Helmut Scholz

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

35	+
ID	Dominique Bilde
PPE	David Casa, Jarosław Duda, Gheorghe Falcă, Cindy Franssen, Andrey Novakov, Ralf Seekatz, Romana Tomc, Maria Walsh, Tomáš Zdechovský
Renew	Atidzhe Alieva-Veli, Sylvie Brunet, Jordi Cañas, Irena Joveva, Max Orville, Dragoş Pîslaru
S&D	Alex Agius Saliba, Marc Angel, Carmen Avram, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Ilan De Basso, Elisabetta Gualmini, Agnes Jongerius, Aurore Lalucq, Carina Ohlsson, Evelyn Regner, Daniela Rondinelli
The Left	Helmut Scholz, Nikolaj Villumsen
Verts/ALE	Katrin Langensiepen, Sara Matthieu, Kira Marie Peter-Hansen, Mounir Satouri

0	-

6	0
ECR	Chiara Gemma, Elżbieta Rafalska, Pirkko Ruohonen-Lerner
ID	Elena Lizzi, Stefania Zambelli
NI	Jörg Meuthen

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh